Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15795/25**

**ECOFIN 1586**
**UEM 579**
**FIN 1436**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Pholainn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 3 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 17 Meitheamh 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4] agus an 20 Meitheamh 2025[5].

(2) An 26 Meán Fómhair 2025, rinne an Pholainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bPolainn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Pholainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 80 beart.

---

[2] Féach doiciméid ST 9728/22 agus ST 9728/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 15835/23 REV1 agus ST 15835/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 11805/24 agus ST 11805/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid ST 9590/25 agus ST 9590/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Pholainn nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar an méadú ar chostais mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin le bearta B1.1.2 (Foinsí teasa a athsholáthar agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe aonteaghlaigh) agus G1.2.3 (Líonraí tarchurtha agus bonneagar leictreachais cliste a fhorbairt, lena n-áirítear cuid mhéadaithe). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Pholainn nach féidir 13 bheart a bhaint amach a thuilleadh de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin le bearta A1.4.1 (Infheistíochtaí chun slabhra soláthair táirgí talmhaíochta agus bia a éagsúlú agus a ghiorrú agus athléimneacht na n-eintiteas sa slabhra a fhorbairt), A2.5.1 (Clár chun tacú le gníomhaíochtaí eintiteas i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun a bhforbairt a spreagadh), B1.1.1 (Infheistíocht i bhfoinsí teasa i gcórais téimh ceantair), B1.1.5 (Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe ilárasán), B2.1.1 (Infheistíochtaí i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine), B3.3.1 (Infheistíochtaí chun acmhainneacht an bhainistithe inbhuanaithe uisce i gceantair thuaithe a mhéadú), C2.1.2 (Cothrom iomaíochta do scoileanna a bhfuil gléasanna ilmheán soghluaiste acu — infheistíochtaí a bhaineann le comhlíonadh na n-íoschaighdeán trealaimh), C2.1.3 (R-inniúlachtaí), D2.1.1 (Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfheistiú saoráidí teagaisc d'fhonn teorainneacha iontrála le haghaidh staidéir leighis a mhéadú), E2.2.2 (An t-iompar a dhigitiú), E3.1.1 (Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin), G3.1.4 (Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (An Ciste Tacaíochta Fuinnimh)) agus G3.1.5. (Feirme gaoithe amach ón gcósta a thógáil (An Ciste um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCósta)). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Pholainn nach féidir 13 bheart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna gan choinne mar gheall ar fhadhbanna soláthair, moilleanna tionscadail agus an próiseas reachtach fada. Baineann sé sin le bearta A1.1 (Athchóiriú ar an gcreat fioscach), A1.3.1 (An t-athchóiriú ar phleanáil úsáide talún a chur chun feidhme), A2.3.1 (Forbairt agus trealamh lárionad inniúlachta (ionaid oiliúna speisialtóirí, ionaid tacaíochta cur chun feidhme, faireachlanna) agus bonneagar bainistíochta thionscal na bhfeithiclí gan foireann, mar éiceachóras nuálaíochta), A2.6 (Athchóiriú — Forbairt an chórais náisiúnta um sheirbhísí faireacháin, táirgí, uirlisí anailíseacha, seirbhísí agus bonneagair tionlacain trí úsáid a bhaint as sonraí satailíte), A2.6.1 (Infheistíocht — Forbairt an chórais náisiúnta um sheirbhísí faireacháin, táirgí, uirlisí anailíseacha, seirbhísí agus bonneagair tionlacain trí úsáid a bhaint as sonraí satailíte), A3.1 (Lucht saothair don gheilleagar nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí le riachtanais an mhargaidh saothair), A4.1.1 (Infheistíocht chun tacú le hathchóiriú institiúidí mhargadh an tsaothair), A4.2.1 (Tacaíocht do shaoráidí cúraim leanaí do leanaí suas le 3 bliana d'aois (naíolanna, clubanna leanaí) faoi Maluch+), B3.5.1 (Infheistíocht i dtithíocht atá tíosach ar fhuinneamh do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam), C1.1.1 (Rochtain ar idirlíon an-ardluais i spotaí bána a áirithiú), C2.2.1 (Feistí agus bonneagar TFC leordhóthanach a chur ar fáil do scoileanna/institiúidí chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais oideachais a fheabhsú), C3.1.1 (Cibearshlándáil — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí) agus G3.3.1 (Córais stórála fuinnimh (tacaíocht inaisíoctha)). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(7) Tá mínithe ag an bPolainn go bhfuil 13 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le bearta A2.2.1 (Infheistíochtaí in úsáid teicneolaíochtaí comhshaoil agus nuálaíochta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach), A2.4.1 (Infheistíocht i bhforbairt cumas taighde), B1.1.4 (Éifeachtúlacht fuinnimh áiseanna áitiúla gníomhaíochta sóisialta a neartú), B2.2.3 (Bonneagar críochfoirt amach ón gcósta a thógáil), B2.3 (Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta), B3.2.1 (Infheistíochtaí i neodrú riosca agus in athchóiriú láithreán athfhorbraíochta mórscála agus Mhuir Bhailt), B3.4.1 (Infheistíochtaí i gclaochlú glas cathracha), E1.1 (Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol), E1.1.2 (Iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha agus ísle (busanna)), E2.1.3 (Tionscadail idirmhódúla), G1.1.4 (Tacaíocht d'institiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme), G1.2.4 (Gréasáin dáileacháin leictreachais a thógáil nó a nuachóiriú, ar gréasáin iad a fhreastalaíonn ar cheantair thuaithe den chuid is mó chun nascadh foinsí nua fuinnimh in-athnuaite a chumasú) agus G3.1.1 (An próiseas ceadaithe le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart sin mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an bPolainn go bhfuil 33 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta A1.2.1 (Infheistíochtaí le haghaidh fiontar i dtáirgí, seirbhísí agus inniúlachtaí fostaithe agus foirne a bhaineann le héagsúlú gníomhaíochtaí), A1.4 (Athchóiriú chun feabhas a chur ar iomaíochas agus ar chosaint táirgeoirí/tomhaltóirí in earnáil na talmhaíochta), A2.1.1 (Infheistíochtaí a thacaíonn le róbatú agus digitiú i bhfiontair), A2.7.1 (An Ciste Slándála agus Cosanta), A3.1.1 (Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil), A4.1 (Institiúidí éifeachtacha do mhargadh an tsaothair), A4.3.1 (Cláir tacaíochta infheistíochta lenar féidir, go háirithe, gníomhaíochtaí a fhorbairt, rannpháirtíocht i soláthar seirbhísí sóisialta a mhéadú, cáilíocht an ath-imeasctha in eintitis an gheilleagair shóisialta a fheabhsú), A4.6 (Rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa mhargadh saothair a mhéadú trí chúram fadtéarmach a fhorbairt), A4.7 (Teorainn a chur le deighilt an mhargaidh saothair), B1.1.3 (Nuachóiriú teirmeach institiúidí oideachais), B3.2 (Tacaíocht d'athshlánú an chomhshaoil agus do chosaint an chomhshaoil i gcoinne substaintí guaiseacha), C2.1 (Feidhmchláir dhigiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí), C3.1 (Cibearshlándáil na gcóras faisnéise a fheabhsú, an bonneagar próiseála sonraí a neartú agus bonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí a bharrfheabhsú), C4.1.1 (Tacaíocht d'ardchlaochlú digiteach), D1.1 (Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte), D1.1.1 (An bonneagar d'ionaid ardspeisialaithe cúraim agus soláthraithe cúraim sláinte eile a fhorbairt agus a nuachóiriú),

D1.1.2 (Dlús a chur le claochlú digiteach na sláinte trí sheirbhísí sláinte digití a fhorbairt a thuilleadh), D2.1 (Na dálaí cearta a chruthú chun líon na mball foirne leighis a mhéadú), D3.1.1 (Forbairt chuimsitheach taighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte), D4.1.1 (Cúram fadtéarmach a fhorbairt trí bhonneagar eintiteas leighis a nuachóiriú ar leibhéal ceantair), E1.2 (An sciar d'iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú, tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú), E1.2.1 (Iompar poiblí astaíochtaí nialasacha i gcathracha (tramanna)), E2.1.1 (Línte iarnróid), E2.1.2 (Rothstoc paisinéirí iarnróid), E2.2.1 (Infheistíochtaí sa tsábháilteacht iompair), G1.1.1 (Forbairt comhphobal fuinnimh áitiúil a spreagadh), G1.2.1 (Réitigh rialála le haghaidh comhtháthú luathaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite in eangacha dáileacháin), G1.2.2 (Bacainní ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite i ngréasáin leictreachais a bhaint), G1.3.1 (Tacú le hiompar inbhuanaithe), G1.3.2 (Iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha (busanna)), G3.2.1 (Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú), G3.1.2 (Scileanna don aistriú glas), agus G3.1.3 (Borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí beart G1.3.1 a bhaint agus go ndéanfaí na 32 bheart eile a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(9) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an bPolainn úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart chun beart nua amháin a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme cúig bheart a mhéadú. Baineann sé sin le bearta A5.1 (Ranníocaíocht le hUrrann an Bhallstáit faoi chlár InvestEU), A6.1 (Ranníocaíocht dheonach le Clár an Aontais um Nascacht Shlán IRIS[2]), B3.1.1 (Infheistíochtaí i gcórais cóireála fuíolluisce agus i soláthar uisce i gceantair thuaithe), C2.1.1 (Ríomhsheirbhísí poiblí, réitigh TF lena bhfeabhsaítear feidhmiú na riarachán agus na n-earnálacha eacnamaíocha), G1.1.2 (Suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite arna gcur chun feidhme ag pobail fuinnimh) agus G1.1.3 (Córais stórála fuinnimh (tacaíocht neamh-inaisíoctha)). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn go méadófaí leibhéal cur chun feidhme cúig bheart, eadhon A5.1, B3.1.1, C2.1.1, G1.1.2 agus G1.1.3, agus go gcuirfí beart nua amháin, eadhon A6.1, leis.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(10) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Pholainn i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(13) Déantar measúnú sa phlean leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[7]. Déantar an measúnú sin go córasach do gach beart modhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe sin, maidir le gach beart modhnaithe agus leis an mbeart nua, nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach. I gcás inar gá, tá ceanglais an mheasúnaithe 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad i gcloch mhíle nó i sprioc de chuid an bhirt sin. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart sa phlean leasaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

6 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

7 IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 40,26 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 68,29 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(15) Tá na bearta sa phlean leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú glas. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú aeráide an phlean leasaithe ó 41,39 % go 40,26 % i gcomparáid leis an measúnú a rinneadh roimhe seo.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 20,92 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe fós comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(17) Bíodh is nár chuir an Pholainn a Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide isteach faoin 30 Meitheamh 2024 i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], tá an plean leasaithe fós comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a soláthraíodh i mí na Nollag 2019 sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide le haghaidh na mblianta 2021-2030. Níl tionchar ábhartha ag modhnú an phlean leasaithe ar a uaillmhian i leith an aistrithe aeráide. D'ainneoin na leasuithe, leanann an plean leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór leis an maolú ar an athrú aeráide le hidirghabhálacha i dtáirgeadh agus dáileadh fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú foirgneamh agus iompar astaíochtaí nialasacha.

(18) Tá na bearta sa phlean leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú digiteach. Tá méadú tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 20,39 % go 20,92 % i gcomparáid leis an measúnú a rinneadh roimhe seo.

***Costáil***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean leasaithe, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

---

8 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch.1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

(20) Tá meastacháin ar chostais curtha ar fáil ag an bPolainn do gach cineál beart faoina plean leasaithe lena mbaineann costas. Ar an iomlán, tá an mhodheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin ar chostais a bhaint amach soiléir agus sothuigthe, agus is minic a bhunaítear iad ar thionscadail roimhe sin arna maoiniú ag cistí an bheartais comhtháthaithe. I gcásanna áirithe, is teoranta na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, rud a chuireann bac ar mheasúnú iomlán dearfach ar na meastacháin ar chostais. Chuir an Pholainn doiciméadacht tacaíochta mhionsonraithe ar fáil freisin maidir le formhór na gcineálacha idirghabhála chun an bonn cirt agus an fhianaise a bhaineann leis na meastacháin ar chostais a chur ar fáil. Thug an Pholainn dóthain faisnéise agus dearbhú nach gcumhdaítear costas a plean leasaithe le maoiniú eile ón Aontas. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean leasaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(21) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Pholainn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(22) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], mheas an Pholainn gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mheas an Pholainn, áfach, nach raibh na tionscadail sin le cur san áireamh sa phlean leasaithe, toisc nach raibh a dhóthain ama ann chun tionscadail den sórt sin a chur i gcrích roimh dháta deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

***Measúnú dearfach***

(23) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean leasaithe.

[9] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

***Ranníocaíocht airgeadais***

(24) Is é EUR 54 718 157 234 costas iomlán measta phlean leasaithe na Polainne. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Pholainn, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean leasaithe na Polainne, ba cheart gurb ionann í agus EUR 25 276 853 716. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Pholainn.

---

[10] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Iasachtaí*

(25) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 34 541 303 518 ar fáil don Pholainn trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022. Tar éis an laghdaithe ar leibhéal chur chun feidhme bhearta B3.5.1 (Infheistíocht i dtithíocht atá tíosach ar fhuinneamh do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam), E3.1.1 (Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin), G3.1.4 (Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (An Ciste Tacaíochta Fuinnimh)), G3.1.5 (Feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thógáil (An Ciste um Fhuinnimh Gaoithe amach ón gCósta)) agus G3.2.1 (Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú) i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán 2021/241, níl iarrtha ag an bPolainn go n-úsáidfí na hacmhainní iasachta a saoradh chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean leasaithe a mhéadú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean leasaithe níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Pholainn agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Pholainn trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Pholainn a laghdú go EUR 29 441 303 518.

(26) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a ionadú go hiomlán.

(27) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a fhormheas*

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe don Pholainn a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Dá bhrí sin, leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a fhormheas mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Pholainn arb é uasmhéid EUR 29 441 303 518 a bheidh inti.’;

(2) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a fhormheas.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*